



NOAC

National Oversight
and Audit Commission
An Coimisiún Náisiúnta
Maoirseachta & Iniúchóireachta

**TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL**

2019

Inneachair

Ráiteas an Chathaoirligh	4
Achoimre Feidhmeannach	6
Ballraíocht NOAC	9
Táillí Bhall an Bhoird	14
Fo-Ghrúpaí NOAC	15
Gníomhaíochtaí NOAC	19
Gníomhaíochtaí NOAC Eile	27
Idirbheartaíocht NOAC	30
Acmhainní agus Caiteachas	33
Aguisíní:	
· <i>Freastal ar Chruinnithe</i>	34
· <i>Téarmaí Tagartha</i>	35



Ráiteas An Chathaoirligh

Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair don Choimisiún Náisiúnta um Mhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) don bhliain reatha dár gcríoch 31 Nollaig 2019.

Óna thosaigh mé ag obair mar Chathaoirleach an Bhoird i Meán Fómhair 2018, is mór an ríméad orm fás NOAC a fheiceáil agus muid ag glacadh struchtúir agus próisis nua is ag forbairt ár mbranda agus rannpháirtíocht sa timpeallacht iniúchta rialtais áitiúil.

Baineann an fás seo tairbhe as sé bhliana oibre thar cionn ónar bhunaigh muid, agus bhí aidhm againn i gcónaí a chinntiú go n-aithnítear NOAC go leanúnach mar cheann de phríomh-chomhlachtaí údarásacha a thugann measúnú ar fheidhmíocht agus feabhsúcháin dearfacha a spreagadh i seirbhísí an rialtais.

I dtaca lenár n-obair laethúil, ba bhreá linn NOAC a fheiceáil aitheanta mar eagraíocht ar féidir léi cuidiú athchóiriú suntasach a sheachadadh. Is lárnach leis sin a chinntiú go bhfuil an rialtas áitiúil ag seachadadh luacha ar airgead agus ag cloí le rialachas cuí. Cinntíonn NOAC freisin go dtacaíonn sé le deachleachtais Atá lárnach don obair a dhéanann údarais áitiúla.

De bharr tionchar na riachtanais a fhásann ar fud an rialtais agus an timpeallacht athraitheach ina n-oibríonn comhairlí, is mó an tábhacht a bhaineann le pleanáil agus maoirseacht ná riamh. Is rí-thábhachtach pleananna stuama a mheasann conas a mbeidh torthaí agus tosaíochtaí na n-údarás áitiúla á seachadadh agus maoiniú a dhéanamh chun inbhuanaitheacht seirbhísí don phobal a chinntiú.

Is tábhachtach go mbeidh NOAC ann chun a chinntiú go nglactar cinntí ar bhealach pleanáilte comhordaithe agus go mbíonn tionchar na gcinntí ar phobail agus torthaí follasach agus intuigthe.

Le linn 2019, d'fhorbair NOAC an Clár Straitéiseach agus Creatlaigh Oibre 2020 - 2022 chun bunús a thabhairt d'aidhmeanna leanúnacha fadtréimhseacha an Choimisiúin, ag maoirseacht seachadta comhleanúnach, ardchaighdeáin seirbhísí an rialtais áitiúil agus measúnú ar chur i bhfeidhm athchóirithe ar sheirbhís phoiblí, agus tugann sé bunchlocha do phróisis lárnacha gnó an Choimisiúin.

Bhí téamaí prionsabail leagtha amach ar an Straitéis chun bearta tábhachtacha a fhorbairt de réir atá ráite i gClár Oibre Ilbhliantúil NOAC 2020-2022. Tugann an tuarascáil seo athchóiriú ar an struchtúr ghrúpa oibre in úsáid roimhe agus leagann sé amach na príomh-bhearta, amchláir agus príomhtháscairí feidhmíochta thar tréimhse an chéad trí bhliana eile.

Thosaigh obair i 2019 chun branda a fhorbairt a chomhdhéanann lógó agus dearadh físiúil a chuideoidh NOAC a aithint mar chomhlacht neamhspleách údarásach in earnáil an rialtais áitiúil. Is é seo an chéad tuarascáil foilsithe leis an mbranda nua.


I dteannta leis an mbranda, chuir NOAC tús le forbairt shuíomh gréasáin nua i 2019. Bhí an suíomh gréasáin reatha mar phríomh-bhealach cumarsáide le blianta beaga, le tuarascálacha NOAC foilsithe ansin óna bhunaíocht in 2014. Ós mian linn idirghníomhaíocht an úsáideora a mhéadú, freastal ar spriocphobail nua, faisnéis ábhartha a thabhairt do gheallshealbhóirí ar mian leo é agus dea-chleachta a thiomáint i bhfollasacht, seolfar an suíomh gréasáin nua in 2020.

In 2019, lean NOAC leis an obair, tosaithe in 2017, ag cur le chéile próifíl do gach údarás áitiúil bunaithe go príomha ar an ábhar inár dtuarascálacha go dtí seo. Bhí an lucht próifíl sin ag comhdhéanamh bunúis do chruinnithe leis na Príomhfheidhmeannaigh, a thug faisnéis bhreise maidir leis na údaráis áitiúla féin agus a d'fhairsing ar an gcomhthéacs ar leith ar féidir leo oibriú laistigh de.

Lean obair in 2019 ar an suirbhé Shásamh Custaiméoirí an Údaráis Áitiúil agus athbhreithnithe ar ghnéithe Feidhmíochta Airgeadais chomh maith le Táscairí Feidhmíochta bliantúil agus tuarascálacha Cinntithe ar Cháilíocht Chód Caiteachais Poiblí.

Léiríonn an trí thuarascáil sin méid suntasach eolais agus tráchta ar fheidhmíocht údaráis áitiúil don bhliain agus tugann siad acmhainn luachmhar ní hamháin do na húdaráis áitiúla féin ach freisin do go leor rannóga an rialtais a oibríonn tríd na húdaráis agus don phobal ginearálta a fhaigheann tionchar ó cháilíocht na hoibre a dhéanann a n-údaráis áitiúla.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a léiriú do na Príomhfheidhmeannaigh, oifigigh idirchaidrimh agus comhordaitheoirí táscairí feidhmíochta don 31 údarás áitiúil as cloí leis na riachtanais uile ar fhaisnéis déanta ag NOAC le linn 2019 agus do chomhlachtaí eile, gníomhaireachtaí agus rannóga a thacaigh le NOAC ina obair an bhliain seo caite.



Michael McCarthy
Cathaoirleach

ó Mheitheamh 2020

Achoimre Feidhmeannach

Tugadh faomhadh don tuarascáil seo ag baill NOAC ar an 23 Mheitheamh 2020.

Seo an séú tuarascáil bliantúil de chuid Coimisiún Náisiúnta um Mhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC), a chlúdaíonn an Tréimhse 1 Eanáir 2019 go 31 Nollaig 2019.

Bunaíodh NOAC i 2014 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách chun maoirseacht a thabhairt ar earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Is eilimint an-tábhachtach é le aidhmeanna athchóirithe an rialtais áitiúla a d'eascairigh ó na tairiscintí leagtha amach sa Chlár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach agus faigheann sé tacaíocht ag an Acht Athchóirithe Rialtais Áitiúil 2014.

Cuirtear tuarascálacha agus moltaí NOAC i láthair dochinnteoirí tábhachtacha in earnáil an rialtais áitiúil chomh maith le Comh-Choiste Tithe an Oireachtais ábhartha.

Le linn 2019, d'fhoilsigh NOAC tuarascálacha agus cáipéisí agus d'óstáil sé ceardlanna lena n-áirítear:

- ▶ Suirbhé ar Shásamh Custaiméirí le hÚdaráis Áitiúla 2019, agus Ceardlann;
- ▶ Cruinniú faisnéise maidir le Táscairí Feidhmíochta agus Tuarascáil Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil 2018;
- ▶ Tuarascáil ar Chód Caiteachais Poiblí 2018;
- ▶ Comhdháil Dea-chleachtais i Rialtas Áitiúil;
- ▶ Clár Straitéise agus Creatlaigh Oibre 2020-2022; agus
- ▶ Clár Oibre Ilbhliantúil 2020-2022.

Rinne fo-ghrúpaí, socraithe chun go leor tionscnaimh a thabhairt ar aghaidh, déanta ag mórchuid oibre NOAC in 2019. Bhí na fo-ghrúpaí sin athshonraithe i mí Iúil 2019, faoi réir an Chláir Oibre Ilbhliantúil bunaithe ar na téamaí leagtha amach sa Straitéis agus Plean Creatlaigh. Beidh na "grúpaí nua" sin in éifeacht ó 2020.

Chun cuspóirí tuarascála ar an ngníomhaíocht in 2019, ba iad na fo-ghrúpaí ag oibriú:

- ▶ Fo-ghrúpa Suirbhé Custaiméara an Údaráis Áitiúil;
- ▶ Fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta;
- ▶ Fo-ghrúpa Chód Caiteachais Poiblí (PSC);
- ▶ Fo-ghrúpa Feidhmíochta Airgeadais;
- ▶ Fo-ghrúpa Oifigí Fiontraíochta Áitiúla (LEO);
- ▶ Tionscnaimh PMO; agus
- ▶ Tithíocht.

Chríochnaigh NOAC an dara shuirbhé ar shástacht an chustaiméara údaráis áitiúla. An bhliain seo, rinneadh suirbhé ar 11 údarás eile agus foilsíodh tuarascáil maidir le torthaí i mí Iúil 2019. Déanfar an suirbhé ar na údaráis áitiúla fágtha in 2020.

Reachtaíodh Ceardlann ar Sheirbhíse do Chustaiméirí ag an Teach Custaim i mí na Samhna 2019. Léirigh go leor cur i láthair tugtha ag an gceardlann na tionscnaíochtaí go léir á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ag foireann údaráis áitiúla ag obair sa suíomh sin.

Ba mhaith le NOAC buíochas a léiriú dá láithreoirí agus rannpháirtithe ag an ócáid.

I Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh NOAC a chéad Táscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil 2018, an cúigiú thuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta ag NOAC go dtí seo. Leis an tuarascáil sin, feictear athbhreithniú bailíochtaithe ar sé údarás maidir le cruinneas agus iontaofacht fochuid na dtáscairí. Seo an chéad tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta ina raibh anailís treochta. Is féidir le anailís treochta a bheith luachmhar mar tháscaire rabhaidh luath ar fhadhbanna féideartha agus is féidir leis a léiriú cén áit a rinneadh feabhsuithe gach bliain.

Mar chuid de Thuarascáil ar Tháscaire Fheidhmíochta, reachtáil NOAC cruinniu faisnéise ar Tháscairí Feidhmíochta Agus bhí cuairt ag Gníomhaireacht an Rialtais Áitiúil (LGMA) agus Aonad Tithíochta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) chun cur i láthair ag an ócáid. D'fhreastail ionadaithe foirne comhordaitheoirí sonraí ó údaráis áitiúla.

D'fhoilsigh NOAC Tuarascáil Cinntithe Cáilíochta Chód Caiteachais Poiblí don earnáil rialtais áitiúil mar chuid de riachtanais d'údaráis áitiúla, leagtha amach sa Chód Caiteachais Poiblí forbartha ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Chomhaontaigh fo-ghrúpa Feidhmíochta Airgeadais dhá thopaic um mhacnamh agus forbairt tuarascálacha thar na trí bhliana tar éis agus bhí idirbheartaíocht aige le soláthraí seirbhíse MyPay agus an LGMA chun tuiscint a fháil ar an tionscnamh agus tuarascáil a fhorbairt.

Reachtáil NOAC, i gcomhcheangal le Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach (CCMA) agus Gníomhaireacht Bhainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA) a dara chomhdháil Dea-chleachtais agus Rialtas Áitiúil ar an Máirt, 26ú Feabhra 2019 i gCaisleán Chill Chainnigh. Chuir cur i láthair tugtha ag an lá sin béim ar go leor tionscnaíochtaí glactha ag údaráis áitiúla a chuireann béim ar chur chuige ábhartha, éagsúla agus go minic nuálaíoch go leor chun dul i ngleic le dúshláin na n-údarás áitiúla agus an phobail.

Lean NOAC ag tabhairt athbhreithnithe ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúla ag úsáid cruinnithe próifíl in 2019, tionscnamh a thosaigh in 2017. Ar feadh na bliana, forbraíodh próifíleanna údaráis áitiúla ag úsáid sonraí ábhartha i dtuarascálacha NOAC foilsithe cheana. Ansin chas Cathaoirleach agus Rúnaí leis na Príomhfheidhmeannaigh agus oifigigh sinsearacha in oifig an údaráis áitiúil chun an Tuarascáil Próifíle a phlé, conas a oibríonn an t-údarás áitiúil agus aon cheisteanna eile. Tugadh cuireadh don Phríomhfheidhmeannach agus baill na foirne bainistíochta freastal ar chruinniu le Bord NOAC chun ceisteanna ó bhaill NOAC a chur i láthair is a fhreagairt ar go leor earraí clúdaithe sna próifíleanna, a raibh faoi staidéar níos míne ann.

Thosaigh NOAC forbairt Straitéise nua in 2019 le ceardlann dhá lá i mí Iúil 2019, inar fhorbair a bhaill aidhmeanna, príomh-ghníomharthaí, bainistíocht ar acmhainní agus ar gheallshealbhóirí.

Rinne na ceardlanna sin an Clár Straitéise agus Creatlaigh Oibre 2020–2022 agus Clár Oibre Ilbhliantúil 2020–2022. Leag an dá cháipéis sin amach na bearta chun mandád NOAC a sheachadadh thar tréimhse 2020 - 2022. Tá cúig théama ginearálta ag an straitéis agus obair taobh thiar de lena mbeidh tascanna agus gníomhartha seachadta.

Chomh maith leis an Straitéis, bhí dul chun cinn ar Chlár Oibre Ilbhliantúil, bhí sé athordaithe agus grúpaithe le amlínte, na gníomhartha sa Straitéis, agus mhol sé go leor Grúpaí Oibre nua chun na gníomhartha sin a choinneáil in 2020.

Ag teacht ón gClár Oibre Ilbhliantúil forbartha in 2019, chuir NOAC tús le hobair chun branda nua agus suíomh gréasáin a dhéanamh do NOAC. Comhdhéanann sin lógó nua do NOAC, le treoirlínte bainteacha agus forbairt shuíomh gréasáin nua ina mbeidh feidhmeanna bhreise don suíomh reatha. Sula bhfuil an suíomh gréasáin nua ann, cuireadh feabhas leis an suíomh reatha le inneachar breise a léiríonn méid iomlán oibre NOAC. Críochnaíodh an branda i mBealtaine 2020 agus tagann sé don chéad uair sa tuarascáil seo. Tá an suíomh gréasáin á fhorbairt faoi láthair agus seolfar é in 2020.

Thug Comh-choiste ar Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil cuireadh do Chathaoirleach NOAC Michael McCarthy freastal ar chruinniú an Choiste ar 9 Bealtaine 2019 chun ábhair a phlé a bhaineann le Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta 2017.

Reachtáil an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil (LGAS) a chéad chruinniú bliantúil in 2019 agus i ndiaidh cuireadh chun freastal, chuir Cathaoirleach NOAC i láthair d'iniúcháirí an rialtais áitiúil forléargas ar obair NOAC agus a ghníomhaíochtaí.

I ndiaidh bunaíocht Oifige an Rialaitheora Pleanála (OPR), fuair NOAC in éineacht le geallshealbhóirí eile cuireadh chun suí ar phainéal comhairleach OPR chun a mhodheolaíocht a fhorbairt chun athbhreithnithe a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-údarás pleanála cruthaithe in 2019.

I Nollaig 2019, chas Cathaoirleach NOAC, in éineacht le baill rúnaíochta NOAC, le Uachtarán, Leas-uachtarán agus Stiúrthóirí AILG. Thug Cathaoirleach NOAC breac-chuntas ar an Clár Straitéise agus Creatlaigh Oibre nua (2020 - 2022) agus thug sé cúlra ar fhorbairt tuarascálacha eile NOAC.

I ndiaidh forbartha Straitéis NOAC don Tréimhse 2020 - 2021, fuair Cathaoirleach LGMA, Owen Keegan, cuireadh do chruinniú le Cathaoirleach NOAC chun an Straitéis agus a cur i bhfeidhm a phlé. Bhí fáilte mór ag LGMA don Straitéis, chuir siad in iúl a uailmhian agus an tábhacht atá ag tacaíocht ón LGMA ina chur i bhfeidhm.

D'fhreastail baill NOAC ar sheoladh tuarascála taighde seachadta ag Aonad Taighde LGMA do Choiste Pleanála Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Éigeandála ar na gníomhartha aeráide déanta idir 2011 - 2018

Déanann Aonad Luach ar Airgead (VFM) le Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil staidéir agus seolann sé tuarascálacha maidir le luach ar airgead in oibriúcháin údarais áitiúil. Chun athbhreithniú a éascú ar thorthaí VFM, bunaíodh grúpa athbhreithnithe comhdhéanta le ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus an Rialtais Áitiúil, LGAS, údarais áitiúla, LGMA agus ball Rúnaíochta NOAC.

Ballraíocht NOAC

De réir reachtaíochta, bíonn ar a laghad seisear agus ar uasmhéid ochtar mball ag NOAC. Tá foráil ann chun go n-ardóidh an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, de réir ordaithe, líon na mball go uasmhéid 12 ar tréimhse suas go dtí dhá bhliana.

D'ardaigh lonstraim Reachtúil Uimh. 536 déanta ag an Aire ar an 19 Deireadh Fómhair 2016 líon na mball go 11 ar tréimhse suas go dtí 18 Deireadh Fómhair 2018. Ar an 18 Deireadh Fómhair 2018, thug lonstraim Reachtúil Uimh. 442 foráil i gcomhair sínte ar líon na mball i gcomhair dhá bhliana eile.

Ag deireadh 2019, bhí ochtar mball boird ar Bhord NOAC.

Tháinig deireadh ar théarmaí Colleen Savage agus John Buckley ar 30 Meitheamh 2019. Bhí Constance Hanniffy athcheaptha go NOAC ar 1 Iúil 2019 go dtí 30 Meitheamh 2021. Ceapadh Barry Quinlan mar bhall an bhoird agus Oifigeach an Aire, ag athchur Paul Lemass ar 22 Bealtaine 2019.

Is mar a leanas na baill agus sonraí faoina dtéarmaí:

Na Baill agus sonraí faoina dtéarmaí

Ról	Ball	Ceaptha	Athcheaptha	Deireadh an Téarma Reatha
Cathaoirleach	Michael McCarthy	24/09/2018	N/A	23/09/2023
Baill	Constance Hanniffy	01/07/2014	01/07/2019	30/06/2021
	Martina Moloney	01/07/2014	01/07/2016	30/06/2021
	Tara Buckley	01/07/2014	01/07/2017	30/06/2020
	Sharon O'Connor	21/10/2016	19/10/2018	18/10/2020
	David Holohan	21/10/2016	19/10/2018	18/10/2020
	Michael McGreal	21/10/2016	19/10/2018	18/10/2020
	Barry Quinlan	22/05/2019	N/A	21/05/2024
	John Buckley	01/07/2014	01/07/2017	Téarma dár gcríoch 30/06/2019
	Colleen Savage	01/07/2014	N/A	Téarma dár gcríoch 30/06/2019
	Paul Lemass	02/09/2014	N/A	Téarma dár gcríoch 19/02/2019

Beathaisnéis ar na Baill



Michael McCarthy, Cathaoirleach

Dátaí an Téarma: 24 Meán Fómhair 2018 - 23 Meán Fómhair 2023.

Is CEO le Cumann Fuinnimh na Gréine in Éireann é Michael. Bhí sé ceaptha mar Chathaoirleach le Coiste Maoirseachta agus Iníúchta Náisiúnta i Meán Fómhair 2018. Bhí sé ceaptha mar TD do thoghcheantar Iardheisceart Chorcaigh ó 2011 go 2016. Is iar-bhall é le Coiste Cuntais Poiblí Dáil. Bhí sé ceaptha go Seanad Éireann don tréimhse 2002-2011. Bhí Michael ina bhall tofa de Chomhairle Contae Chorcaigh ó 1999 go 2003.



Constance Hanniffy

Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 - 30 Meitheamh 2021.

Is céimí í Constance Hanniffy le OÉ Gaillimh agus tá BA aici (Onóir) i Staidéir Pobail agus Teaghlaigh. Bhí sí mar bhall tofa de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí ó 1974 go 2014 agus ball le Údarás Réigiúnach Láir na Tíre ó 1994 go 2014. Chomh maith leis, bhí sí mar bhall le toscaireacht Éireannach do Choiste na Réigiún ó 1998 go 2014. Is Ball an Bhoird í le Sue Ryder Foundation agus ball le Coiste Iníúchta Chomhairle Contae Uíbh Fhailí. Is iar-bhall í le Fóram Sóisialta agus Eacnamaíoch Náisiúnta (NESF) agus Coiste Dílárthaíthe (1995-97) a thug moltaí don Rialtas ar athchóiriú an rialtais áitiúil. Roimhe sin, d'fhreastail sí mar bhall de Choiste Comhairleach D/ECLG ar Pháipéar Glas Athchóirithe an Rialtais Áitiúil. Is iar-bhall í le Tionól Réigiúnach BMW agus iar-chathaoirleach lena coiste monatóireachta AE.



Martina Moloney

Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 - 30 Meitheamh 2021.

Ba oifigeach gairmréim í Martina Moloney le rialtas áitiúil na hÉireann ar feadh beagnach seacht mbliana is tríocha. Tá BA agus MA aici i mBainistíocht Poiblí agus Dochtúireacht i Rialachas agus is ball í le Institiúid na dTeicneoirí Cuntasaíochta. D'oibrigh sí in ocht údarás áitiúil agus bhí post Stiúrthóir Pobail agus Fiontair agus Seirbhísí Corparáideacha aici i gComhairle Contae na Gaillimhe, Sular ceapadh í mar Bhainisteoir Contae i gContae an Lú agus ina dhiaidh sin mar Bhainisteoir Contae i nGaillimh sular éirigh sí ar scor in Iúil 2014.



Tara Buckley

Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 - 30 Meitheamh 2020.

Is Ard-Stiúrthóir í Tara Buckley le RGDATA (Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí Grósaeireachta agus Deiríochta agus a gComhthrádálaithe), le hionadaíocht ar shuimeanna 4,000 siopa teaghlaigh in Éirinn, siopaí áise agus ollmhargaithe. Céimí le Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath agus iar-iriseoir agus comhfhreagraí polaitíochta, tá Tara mar bhall le Fóram Comhairleoireachta Miondíola an Rialtais; Fóram na Breaitimeachta ag an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Fóram Straitéiseach Miondíola an Gharda; Fóram Bainistíochta Dramhaíl Náisiúnta; Fóram Miondíola ag Údarás Sábháilteachta Bia agus Grúpa Comhairleoireachta Chreatlach Pleanála Náisiúnta.



Sharon O'Connor

Dátaí an Téarma: 21 Deireadh Fómhair 2016 - 18 Deireadh Fómhair 2020.

Is Cathaoirleach í Sharon O'Connor le Údarás Oideachais Thuaisceart Éireann ó Aibreán 2015 agus roimhe sin bhí sí mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Doire ó 2011 go 2015. Is ball í le Accounts Commission Scotland. Tá breis is 20 bliain taithí aici mar Stiúrthóir Cairte, Stiúrthóir Neamh-Fheidhmeannach, Leas-chathaoirleach, Cathaoirleach an Choiste agus Ball an Bhoird agus in 2009/10 bhí sí ina Stiúrthóir Earnála Poiblí na Bliana le hInstitiúid na Stiúrthóirí.



David Holohan

Dátaí an Téarma: 21 Deireadh Fómhair 2016 - 18 Deireadh Fómhair 2020.

Is Ceannaire é David Holohan (BCOMM, MBA, APA, C Dir, M.Inst.D, CMgr FCMI, FCSI Cairte) le Straitéis Cothromais ag Mediolanum Asset Management. Roimhe sin, bhí sé mar Phríomhoifigeach Infheistíochta ag Merrion Capital agus d'oibrigh sé i gcomhlacht bainistíochta sócmhainní agus cistí fálaithe i Londain agus Baile Átha Cliath araon. Tá MBA ag David le gradam ó Imperial College London, is comhalta cairte é le Chartered Institute for Securities & Investment (UK) agus comhalta cairte le Chartered Management Institute (UK), Stiúrthóir Cairte (UK) agus Ball le Institiúid na Stiúrthóirí (Éire). Bhí sé ceaptha chuig Bord HPRA ag an Aire Sláinte i mí Eanáir 2016. Is Cathaoirleach é David le Comhlacht Rialaithe IADT agus is Cathaoirleach é le Bord na catharnachta One in Four.



Michael McGreal

Dátaí an Téarma: 21 Deireadh Fómhair 2016 - 18 Deireadh Fómhair 2020.

Bhí Michael McGreal mar Leaschathaoirleach an Chomhlachta le IPB Insurance CLG go dtí 31 Nollaig 2018 agus Cathaoirleach an Bhoird Luacha Saothair agus Ainmniúcháin. Bhí sé mar bhall le Comhairle Contae Ros Comáin ó 1985 - 2014 agus d'fhreastal sé mar Chathaoirleach an Chomhairle. Bhí Michael ina bhall le Údaráis Réigiúnach an Iarthair agus Réigiúnach BMW. Chomh maith leis, bhí sé mar bhall le Bord Iascaigh Intíre na hÉireann agus ball ailtéarnach le Coiste na Réigiún ó 2010 go 2014. Tá Diplóma ag Michael i Rialachas Corparáideach ó Scoil Gnó Michael Smurfit UCD agus is ball é le Institiúid na Stiúrthóirí.



Barry Quinlan

Dátaí an Téarma: 22 Bealtaine 2019 - 21 Bealtaine 2024.

Is Rúnaí Cúnta é Barry Quinlan, i gceannas ar an Rannóg Rialtais Áitiúil, ag an Roinn Tithíochta; Pleanála agus Rialtais Áitiúil. I ndiaidh tús a chur lena ghairm san earnáil príobháideach, tá fiche bliain taithí ag Barry anois ag obair sa Státseirbhís. D'oibrigh sé i Rannóga Tithíochta; Pleanála agus Rialtais Áitiúil na Roinne. Sular fhill sé chuig an Rannóg Rialtais Áitiúil, d'oibrigh Barry ar pholasaí tithíochta agus seachadadh tithíochta. D'oibrigh Barry ar Éire a Aththógáil; An Straitéis Tithíochta Sóisialaigh; An Clár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta; Athchóiriú an Earnála Poiblí; Tosaíocht do Dhaoine; Struchtúir Nua an Údaráis Áitiúla; Cur i bhFeidhm Athbhreithnithe Éifeachtachta LG; Pleanáil Fórsa Saothair; Seirbhísí Roinnte; Tionscnaíochtaí HR agus idirbheartaíocht IR agus bainistíocht ar athruithe.



John Buckley

Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 - 30 Meitheamh 2019.

Is cuntasóir agus abhcóide sa dlí é John Buckley. Sula raibh sé ceaptha chuig NOAC, d'fhreastail sé mar ard-reachtair agus Ard-Iniúcháir. Tá breis is 40 bliain taithí aige in iniúchadh poiblí agus ba é an chéad Stiúrthóir Luacha ar Airgead in Oifig an Ard-reachtair agus Ard-Iniúcháir. Freastalaíonn sé chomh maith ar Chomhairle na hInstitiúide Eacnamaíoch agus Sóisialta agus is cathaoirleach é lena Choiste Iniúchta féin.



Colleen Savage

Dátaí an Téarma: 1 Iúil 2014 - 30 Meitheamh 2019.

Is comhairleoir í Colleen Savage i léargas ar thomhaltóirí agus straitéis mhargaíochta ag úsáid scileanna taighde cáinníochta agus cáilíochta araon. D'oibrigh sí thar an earnáil príobháideach, ag tabhairt léargais an tomhaltóra ar mhaithe le straitéise agus forbartha cumarsáide. Rinne sí freisin taighde ar thuairimí saoránaigh maidir le réimsí polasaithe poiblí amhail comhionannas agus cearta daonna, intinn vótála agus éifeachtacht straitéise an rialtais. Bhí sí mar bhall le Gníomhaireacht Náisiúnta an Tomhaltóra ar feadh dhá bhliain, sula raibh sé mar chuid den Údarás Iomaíochta.



Paul Lemass

Dátaí an Téarma: 2 Meán Fómhair 2014 - 19 Feabhra 2019.

Is Rúnaí Cúnta é Paul Lemass sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) le Freagracht as an Rannóg Rialtais Áitiúil. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Comhshaoil na hÉireann sa Bhruiséil ó 2010 - 2014, lena n-áirítear tréimhse uachtaránachta na hÉireann i 2013. Tá bonnchéim aige in Innealtóireacht Mheicniúil ó UCD, agus Máistreacht i Riarachán Gnó ó Northwestern University, Chicago, agus taithí aige ag obair sna earnálacha príobháideach, neamh-bhrabúis agus poiblí ar feadh a ghairmréime.

Táillí Bhaill an Bhoird

Is iad seo na táillí bliantúla iníoctha do bhaill NOAC, ceal Oifigeach an Aire:

Ball: €7,695.

Cathaoirleach: €11,970.

Cuireann NOAC prionsabal “duine amháin tuarastal amháin” i bhfeidhm ó thaobh Íocaíocht ar tháillí do bhaill i gcomhair fostaithe sa tseirbhís poiblí in Éirinn. I gcomhréir leis sin, ní íoctar táille ar son Oifigigh an Aire.

Íoctar do chaiteachais taistil agus maireachtála ag rátaí caighdeánacha seirbhíse sibhialta. Tá rátaí agus rialacha infheidhmithe in 2019 ar fáil ag <https://www.revenue.ie/en/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/index.aspx>

Tábla ag liostáil freastal i measc baill NOAC ag cruinnithe in 2019 tugtha in Aguisín 1.

Ba mhaith le NOAC buíochas a léiriú don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, a chuir an suíomh ar fáil do na cruinnithe sin.

Fo-ghrúpaí NOAC

Óna bhunaíocht, d'úsáid NOAC fo-ghrúpaí chun an chuid is mó den obair a dhéanamh ag leanúint le go leor tionscnaimh.

Bhí go leor fo-ghrúpaí inmheánacha ag NOAC óna bhunaíocht agus thosaigh sé 2019 le seacht gcinn.

Ós rud é nach raibh ach líon beag dóibh sin gníomhach, tá siad athordaithe ag an Clár Straitéise agus Creatlaigh agus Clár Oibre Ilbhliantúil glactha le déanaí don Tréimhse 2020-2022. Ba chóir dó sin a chinntiú go bhfuil lód oibre níos inbhuanaithe ag na grúpaí agus ailíniú níos fearr a cheadú leis an gclár oibre aitheanta.

Chun cuspóir tuairiscithe ar an ngníomhaíocht don bhliain seo caite, is mar a leanas ballraíocht na fo-ghrúpaí le linn 2019 go dtí gur glacadh leis an gClár Straitéise agus Creatlaigh agus Clár Oibre Ilbhliantúil, le hainm an Chathaoirligh liostaithe ar dtús:

▶ **Suirbhé an Chustaiméara:**

Colleen Savage, Tara Buckley, Paul Lemass agus Michael McGreal;

▶ **Táscairí Feidhmíochta:**

Martina Moloney, Constance Hanniffy agus Sharon O'Connor;

▶ **Cód Caiteachais Poiblí:**

John Buckley, Paul Lemass/ Barry Quinlan agus Martina Moloney;

▶ **Feidhmíocht Airgeadais:**

John Buckley, Tara Buckley, Paul Lemass/Barry Quinlan agus Martina Moloney;

▶ **Oifigí Fiontair Áitiúla:**

Constance Hanniffy, Tara Buckley agus Colleen Savage;

▶ **Tionscnaimh PMO:**

David Holohan, Martina Moloney agus Michael McGreal; agus

▶ **Tithíocht:**

Paul Lemass agus John Buckley.

Fo-ghrúpa Suirbhé an Chustaiméara

Is é ról Fo-ghrúpa Suirbhé an Chustaiméara ná suirbhéanna a thosú agus a mhaoirsiú de réir coimisiúnaithe NOAC.

Baineann sé sin lena fheidhmeanna faoi réir coda 126C(1)(a) le Acht Rialtais Áitiúil 2001 chun iniúchadh cuimsitheach a thabhairt ar fheidhmíocht údaráis áitiúil in aghaidh táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus faoi réir coda 126C(a)(c) tacú le forbairt agus feabhsúchán ar dea-chleachta. Cinneann an fo-ghrúpa na gníomhaíochtaí nó feidhmeanna ar chóir dóibh a bheith faoi réir Suirbhéanna, forbraíonn sé iarratais ar thairiscintí agus tugann sé athbhreithniú ar cheistneoirí.

Chuir NOAC comhlacht margaióchta, IPSOS/MRI, ag obair ar shuirbhé sástachta saoránaigh ar gach údarás áitiúil thar tréimhse trí bhliana. Is réimse tábhachtach í seirbhís do chustaiméirí d'údaráis áitiúla agus leagann an clár trí bhliana seo amach suirbhé ar chustaiméirí a dhéanamh ar údaráis áitiúla ar mhéid cosúil gach bliain.

Chuir an chéad suirbhé, déanta in 2018, suirbhé ar an 10 údarás áitiúla ba mhó. Bhí an dara suirbhé, críochnaithe i Márta 2019, Déanta le 10 údarás ar mhéid meánach agus Cathair na Gaillimhe. Bhí sé foilsithe in Iúil 2019. Déanfar an suirbhé ar an 10 údarás áitiúla fágtha in 2020, mar a leanas: An Iarmhí, Laois, Uíbh Fhailí, An Cabhán, Sligeach, Ros Comán, Muineachán, Ceatharlach, Longfort agus Liatroim. Déanfar an suirbhé ag úsáid na ceisteanna céanna agus méid samplach céanna.

Ceardlann Seirbhíse do Chustaiméirí

Reachtaíodh Ceardlann Seirbhíse do Chustaiméirí ag an Teach Custaim i mí na Samhna 2019. Bhí ionadaíocht ag an gcuid is mó údaráis áitiúla ar an lá.

Rinneadh cur i láthair ag IPSOS/ MRBI, a mhínigh conas a bhí an suirbhé déanta agus torthaí an tuarascála. Thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cur i láthair ar conas ar bhainistigh siad a gcuid Seirbhís do Chustaiméirí, ó chuaigh a gráduithe sástachta thar an meán-ghrádú i go leor réimsí i dtuarascail 2019. Rinne Comhairle Contae Chill Dara cur i láthair ar bhainistíocht Sheirbhís do Chustaiméirí i gcomhthéacs tionscnamh bóithre, iompair agus sábháilteacht phoiblí ar scála mór, a chuir tionchar ar a shaoránaigh agus go leor úsáideoirí bóithre thar tréimhse fada. Thug Comhairle Contae Chorcaigh cur i láthair dár teideal "Cumarsáid trínár Seirbhísí". Is aonad nuálaíochta tiomnaithe inmheánach i gComhairle Contae Chorcaigh a úsáideann dearadh seirbhíse mar chur chuige trasfhoirmithe. Phléigh Comhairle Contae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an Mol Cathrach nua agus rinne sé cur i láthair ar "Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a sheachadadh le hathrú eagraíochtúil". Ar deireadh, thug LGMA cur i láthair ar an obair idir lámhe ag Tionscnamh Catalóige Sheirbhís an Rialtais Áitiúil.

Bhí go leor rannpháirtíocht ann, mar aon le suim agus aiseolas ar gach topaic ar an lá. I ndiaidh an tseisiúin chur i láthair, bhí seisiúin ar leithligh ina raibh plé ar cheisteanna comónta a bhíonn ag údaráis áitiúla, na láidreachtaí agus laigeachtaí reatha ar sheirbhísí go chustaiméirí san earnáil rialtais áitiúil, agus cé, lasmuigh den earnáil poiblí, a thugann spreagadh dá ndearcadh ar sheirbhís do chustaiméirí.

Dar le baill Fo-ghrúpa Seirbhís do Chustaiméirí NOAC go raibh an ceardlann an-fhaisnéiseach agus luachmhar mar léargas ar go leor tionscnaíochtaí iontacha á nglacadh ag údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí. Tá NOAC buíoch as gach cur i láthair agus rannpháirtithe.

Fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta

Is údarás le Fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta ná táscairí feidhmíochta cuí a mholadh maidir le gníomhaíocht údaráis áitiúla, agus maoirseacht a thabhairt ar bhailiúchán sonraí, fíordheimhniú, tiomsú agus foilseachán tuarascála ar na táscairí sin go bliantúil.

Tá na táscairí feidhmíochta comhdhéanta de 37 luach intomhaiste a léiríonn cé chomh héifeachtach is a bhíonn údarás áitiúil chun a phríomhaidhmeanna a bhaint amach.

Go dtí anois, d'fhoilsigh fo-ghrúpa táscairí feidhmíochta cúig thuarascáil táscairí feidhmíochta. Gach bliain tugann an fo-ghrúpa athbhreithniú ar chnuasach táscairí agus bíonn idirchaidreamh aige leis na údaráis áitiúla agus geallshealbhóirí eile ar fheabhsúcháin nó athruithe ar féidir a chur lena thuarascáil.

Thiomsaigh an fo-ghrúpa na treoirlínte don thuarascáil ag tús 2019 bunaithe ar an bhfoghlaim ó thuarascáil na blianta roimhe, athruithe i modheolaíocht do tháscairí reatha agus forbairt táscairí nua.

Ar 15 Feabhra 2019, reachtáil NOAC a Chruinniú Faisnéise ar Tháscairí Feidhmíochta chun treoir bhreise a thabhairt do chomhordaitheoirí sonraí ó údaráis áitiúla ar threoirlínte an tuarascála 2018.

An bhliain seo caite, d'ardaigh NOAC líon na dtáscairí ó 35 go 37 le táscaire nua dramhaíl/comhshaoil sa bhreis maidir le scoileanna le brat glas agus táscaire corparáideach maidir le costas ginearálta caiteachais ICT mar chionroinn caiteachais ioncaim.

Thug an LGMA, a bhailigh sonraí thar cionn NOAC ag úsáid an chórais LGReturns, trácht freisin ar na táscairí a bhí curtha leis mar aguisín ar thuarascáil Táscairí Feidhmíochta 2018.

I ndiaidh athleanúint ar earraí sonraí aonair le údaráis áitiúla ag Rúnáíocht NOAC, thug an fo-ghrúpa cuairt ar údaráis áitiúla agus rinne sé measúnú ar chruinneas agus iontaofacht fothacar táscairí.

Fo-ghrúpa Chód Caiteachais Poiblí

Ordaíonn Cód Caiteachais Poiblí go mbeidh tuarascálacha cinntithe cáilíochta seolta go bliantúil chuig an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe do gach caiteachas poiblí.

Tá feidhm ag NOAC thuarascáil cinntithe cáilíochta ilchodach a chur le chéile don earnáil rialtais áitiúil ó na 31 thuarascáil cinntithe cáilíochta aonair ar údaráis áitiúla.

Forbraíodh an Cód Caiteachais Poiblí ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus baineann sé le gach comhlacht poiblí a fhaigheann cistí poiblí.

Tá oibleagáid ag gach comhlacht poiblí na hÉireann caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a chaitear nó a dhéantar infheistíocht ar airgead poiblí.

Fo-ghrúpa Feidhmíochta Airgeadais

Bunaíodh an grúpa i Meán Fómhair 2015 chun dul chun cinn a thabhairt ar fheidhm NOAC faoi réir coda 126C.

(1)(B) de Acht Rialtais Áitiúil 2001, imscrúdú cuimsitheach a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais, lena n-áirítear maidir le luach ar airgead, ó údarás áitiúla maidir lena n-acmhainní airgeadais. Chomhaontaigh an fo-ghrúpa trí ábhar chun breathnóireachta agus forbartha tuarascálacha. Bhí siad mar a leanas:

Bainistíocht ar sheirbhís roinnte párolla (MyPAY)

Cuireadh an córas MyPay i bhfeidhm i gcomhair párolla i ngach údarás áitiúil, ceal trí cheann dóibh. Úsáideann seacht n-údarás déag é i gcomhair taifid aoisliúntais agus íocaíochtaí. Rinneadh suirbhéanna réamhchéime ar an Ionad Seirbhísí Roinnte i bPortlaoise agus reachtaíodh cruinniu leis an LGMA. Comhdhéanann an t-eolas faighte ón obair sin bunús do thuarascáil.

Soláthair in Údarás Áitiúla

D'aithin athbhreithniú ar sholáthair in 2017 tuarascálacha iniúchta tosaithe ar údarás áitiúla. Tá sé i gceist nuashonrú a thabhairt orthu sin le torthaí ó thuarascálacha 2018. Déanfaidh sé sin bunús tuarascála a thugann anailís ar an obair déanta ag údarás áitiúla chun Athruithe aitheanta ag Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm.

Iasachtaí Neamh-mhorgáiste

Thosaigh athbhreithniú ar thuarascáil Seirbhíse Iniúchta an Rialtais Áitiúil "Forléargas ar Iasachtaí Ús Amháin in Údarás Áitiúla" in 2019.


Gníomhaíochtaí NOAC

Tuarascáil Shuirbhé ar Chustaiméirí

In 2019, d'fhoilsigh NOAC Suirbhé Sástachta Údaráis Áitiúla 2019.

Torthaí an Tuarascála:

- ▶ Tá an chuid is mó freagróirí (58% vs 53% in 2018) sásta lena gcomhairle áitiúil agus aontaíonn siad go bhfuiltear ag déanamh oibre maith (54%).
- ▶ Bhí An Chláir agus Port Láirge aicmithe go hard i "Sástacht Ghinearálta" agus chreid siad go raibheadar 'ag obair go maith'. Bíonn tuairimí dearfacha ar chomhairlí de ghnáth, creideann an chuid is mó (63% vs 59% in 2018) go bhfuil a gcomhairle ag déanamh oibre dearfaí agus gur tháinig feabhas ar na seirbhísí thar na blianta (63%);
- ▶ Bíonn tuairimí ar fhollasacht (aontaíonn 39% go bhfuil an comhairle follasach vs 29% in 2018) agus éifeachtacht (aontaíonn 47% go bhfuil an comhairle éifeachtach vs 37% in 2018) níos diúltai.
- ▶ Fuarthas go gcreideann 26% de na freagróirí gur féidir leo tionchar a imirt ar chinntí maidir lena gceantar;



- ▶ Tá ar a laghad eolas éigin ag an chuid is mó (84%) maidir lena gcomhairle áitiúil. Níl ach 5% 'go mór ar an eolas' faoina gcomhairle áitiúil, agus níl ach 'beagáinín eolais' ag an gcuid is mó (51%);
- ▶ Is iad scéal scéil agus raidió na bealaí is coitianta chun fáil amach faoin gcomhairle thar an bhoird. Bíonn fonn níos mó ag grúpaí níos óige na meáin sóisialta a úsáid, agus úsáideann grúpaí níos sine nuachtáin agus raidió;
- ▶ Bhí na seirbhísí ba thábhachtaí á soláthair ag an gcomhairle i gceithre príomh-chatagóir, bóithre agus sábháilteacht bhóthair, tithíocht, fónais agus cosaint ar an gcomhshaoil;
- ▶ Bíonn feachtas ar sheirbhísí an chomhairle íseal do gach seirbhísí seachas cothabháil bóthair (66%) agus tithíocht údaráis áitiúil (58%);
- ▶ I gcomhréir leis an easpa eolais sin, ní bhraitheann an chuid is mó go bhfaigheann siad faisnéis óna gcomhairle áitiúil, ach bhí dóchúlacht níos mó go mbeadh na daoine a fhaigheann go leor eolais sásta ag 76% i gcomparáid le 46% (vs. 72% agus 40% in 2018) i measc na ndaoine nach bhfaigheann go leor eolais. Bhí Ciarraí (60%) agus Port Láirge (59%) araon os cionn an mheáin le cónaitheoirí ag mothú ar an eolas;
- ▶ I ngeall ar an easpa eolais maidir lena gcomhairle agus a sheirbhísí, ní chreideann ach 30% (27% in 2018) go bhfuil siad ag fáil luach maith ar airgead. Bhí An Clár (40%) agus Port Láirge (41%) os cionn an mheáin sa chatagóir seo; agus
- ▶ Bhí timpeall 1 i ngach 3 i dteagmháil lena gcomhairle le 5 bhliana anuas, le tithíocht ar bharr an liosta cúiseanna don teagmháil sin. Go ginearálta, bhí os cionn leath den daonra sásta le conas a láimhseáladh a n-iaratas (51%).

Tá an tuarascáil seo ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie

Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúla

I Meán Fómhair 2019 d'fhoilsigh NOAC a Thuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúla 2018.

Sa tuarascáil sin, d'aithin NOAC earraí ar fiú iad a lua:

Bailiúchán Féich - Léirigh an tuarascáil gur ghné dúshlánach é bailiúchán féich ó thaobh oibre na n-údarás áitiúla.

In 2018, tháinig feabhas le meán-rátaí bailiúcháin náisiúnta ar fhiigiúirí na blianta roimhe i gcomhair rátaí tráchtála agus iasachtaí tithíochta. D'fhan sé mar an gcéanna le haghaidh cíosa agus blianachtaí.

Leabharlanna - De réir an tuarascála, ar meán, bhí líon na gcuairtí an duine den daonra 3.58%, ardú beag ó mheán 2017 ag 3.56%.

Caiteachas Ioncaim an Duine - Dar leis an tuarascáil, in 2017, ba é meánchaiteachas an duine taifeadta €897.89, ardú ó €842.00 in 2016. In 2018, an figiúir a bhí taifeadta ná €978.91.


Stádas Bhrat Glas - Cuireadh táscaire dramhail / comhshaoil nua leis i dtuarascáil 2018 faoi cheannlitr E4: céatadán na scoileanna a fuair stádas bhrat glas. Léirigh an tuarascáil in 2018, gur thaifeadadh Ros Comán an céatadán ab airde scoileanna a fuair stádas bhrat glas ag 70% agus an larmhí ab isle ag 37.8%.

Riail a Thógáil - Léirigh an tuarascáil gur tháinig ardú ar líon na bhfoirgneamh a fuair fógra ó údaráis áitiúla i gcomhréir le Acht Rialaithe Tógála. Ardú 14.35% a bhí ann i 2018 i gcomparáid leis an bhfigiúir taifeadta do 2017.

Léirigh an tuarascáil nár chloígh ocht n-údarás leis an íosmhéid 12-15% riachtanach i gCód Cleachta chun Foirgnimh a Iníúchadh agus a Dheimhniú agus Oibreacha maidir le iniúchta ar fhoirgnimh nua, a fuarthas fógraí tosaithe bailí chuige sin i gcomparáid le díreach dhá údarás áitiúil i dtuarascáil 2017.

Foireann Coibhéseach Lán Aimsire - Chuir an tuarascáil in iúil gurb é líon iomlán na mball foirne coibhéseach lán aimsire fostaithe ag an earnáil údaráis áitiúil i ndeireadh 2018 ná 28,307.84. Léirigh sin ardú 3.39% nó 927.62 ball foirne ó bhí 2017 ann.

Ceisteanna Eile - Léirigh an tuarascáil gur cheist ardaithe go minic ag údaráis áitiúla ná an t-ualach a chuireann iasachtaí talaimh stairiúla ar chúrsaí airgeadais. Bhí an t-easpa soiléire a bhain le aisíocaíocht na ndliteanas sin curtha in iúil mar údar imní.



Anailís Treochta

Thug an cúig bhliana sonraí bailithe ón gcéad thuarascáil am idéalach chun athbhreithniú a thabhairt ar threochtaí a thaispeánann na sonraí agus na athruithe feicthe a phlé. Léirigh an anailís treochta a leanas:

- ▶ Tháinig ardú ar sholáthar tithíochta thar gach údarás áitiúil bliain ar bhliain ó 2014 go 2018;
- ▶ Tháinig laghdú ar chéatadán meánach náisiúnta na n-áitreabh údarais áitiúla a bhí folamh ag deireadh na bliana ó 2015 go 2017 agus rinneadh taifead ar ardú beag in 2018;
- ▶ Tháinig laghdú beag ar an am glactha chun áitreabh a ath-ligean ar cíós ón dáta imeachta go dtí tús tionóntachta nua ó 2017 go 2018;
- ▶ Tháinig ardú ar líon na ndaoine fásta i lóistín éigeandála atá fadtréimhseach (ar a laghad 6 mhí laistigh na bliana roimhe) gan dídean mar chéatadán ar líon iomlán na ndaoine fásta i lóistín éigeandála ag deireadh na bliana ó 2014 go 2018;
- ▶ Taispeánann rátaí in Innéacs Choinníoll Dromchlaí Cosáin do phríomh-bhóithre áitiúla, thar an tréimhse 2015 go 2018, an t-ardú ba mhó i bpríomh-bhóithre áitiúla ná sa chatagóir is airde bóithre, 9 - 10, ag taifead ardú 12 pointe céatadán. Leiríonn an treocht sin gur tháinig feabhas ar choinníoll na bpríomh-bhóthar áitiúla agus reigiúnacha le 5 bhliain anuas;
- ▶ Ó bhí 2014 ann, tháinig ardú ar chéatadán meánach náisiúnta na dtithe lonnaithe in áit clúdaithe ag seirbhís 3 chiseán;
- ▶ Tháinig ardú ar líon na gcásanna truaillithe a raibh gearán déanta mar gheall orthu agus líon na gcásanna dúnta bliain ar bhliain ó 2015 go 2018;
- ▶ Tháinig laghdú ar chéatadán meánach na bhfoirgneamh iniúchta mar chéatadán Foirgnimh nua fógraithe don údarás áitiúil bliain ar bhliain ó 2015 go 2018 (ó 24% in 2015, 19.42% in 2016, 17.20% in 2017 agus 16.75% in 2018);
- ▶ Tháinig ardú ar líon iomlán na WTEs ó 26,807 in 2014 go 26,807 in 2018, ardú ar chéatadán na laethanta oibre cailte ar saoire dheimhnithe ó 3.53 lá in 2014 go 3.74 lá in 2018 agus d'fhan céatadán na laethanta oibre cailte ar saoire féin-dheimhnithe mar an gcéanna go ginearálta.;
- ▶ Bhí laghdú ar chostas meánach náisiúnta ar fhoráil ICT an WTE ó €2,932 in 2014 go €2,925 in 2015 go €2,680.80 in 2016 agus ardú go €2,807.96 in 2017 agus €2,894.57 in 2018. Áirítear ardú leis na figiúirí do 2017 agus 2018 ó 50 go 56% i gcur i bhfeidhm costais ginearálta LGMA don ríomhaireacht táscaire;
- ▶ Bhí ardú ar iarmhéid creidmheasa chuntais ioncaim náisiúnta thar an 31 údarás Áitiúil ó 2014 ó €3.4m go €37m in 2018;
- ▶ D'ardaigh céatadán meánach náisiúnta rátaí tráchtála bailithe sa bhliain, bliain ar bhliain, ó 72% in 2014 go 86% in 2018; agus
- ▶ Chuaigh costas per capita don Seirbhís Pleanála ó €26.97 in 2014 go €29.24 in 2018 agus costas per capita na Leabharlann ó €30.52 in 2014 go €33.98 in 2018.

Athbhreithniú Deimhnithe Cáilíochta ar na Sonraí

Le linn do NOAC Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúla 2014 a fhorbairt, chorpraigh sé próiseas deimhniúcháin chun measúnú a thabhairt ar chruinneas agus iontaofacht fochoda táscairí agus údaráis áitiúla.

Chuir an tuarascáil in iúil, in 2019, gur roghnaíodh seacht dtáscaire chun deimhniúcháin:

- ▶ **H2:** Folúntais Tithíochta
- ▶ **M1:** Achoimre 5 Bhliana ar Iarmhéid Chuntas Ioncaim
- ▶ **L1:** Cuairteanna ar Leabharlann agus Ceisteanna
- ▶ **L2:** Costas per capita ar Sheirbhís Leabharlann a oibriú
- ▶ **J3:** Líon na bhfaighteoirí meantóireachta
- ▶ **P3:** % na gcásanna Forfheidhmithe Pleanála dúnta mar réitithe
- ▶ **C1:** Líon lomlán na WTEs

Ba iad na údaráis áitiúla roghnaithe chun deimhniúcháin sa tuarascáil ná:

- ▶ Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- ▶ Comhairle Contae an Lú;
- ▶ Comhairle Contae Chill Chainnigh;
- ▶ Comhairle Contae Uíbh Fhailí;
- ▶ Comhairle Contae Chorcaigh;
- ▶ Ba mhaith le Comhairlí Contae Ros Comáin

NOAC buíochas a léiriú do Rúnaíocht NOAC, comhordaitheoirí údaráis áitiúla a d'éagraigh cuairteanna agus Príomhfheidhmeannaigh agus foireann údaráis áitiúla eile a chas le baill NOAC ar feadh na gcuairteanna.

Chuir an tuarascáil in iúil go bhfuil NOAC sásta go leor le bailíocht na sonraí le gach údarás áitiúil. Tá an tuarascáil seo ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie


Tuarascáil ar Chód Caiteachais Poiblí

In 2019, d'fhoilsigh NOAC an Cód Caiteachais Poiblí: Tuarascáil Cinntithe Cáilíochta an Údaráis Áitiúil 2018.

Tá an Cód Caiteachais Poiblí comhdhéanta le rialacha agus nósanna imeachta a chinntíonn go gcuirtear na caighdeáin sin i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuireann sé le chéile, in aon áit amháin, mionsonraí ar oibleagáidí na ndaoine sin freagrach as airgead poiblí a chaitheamh.

Ós rud é go dtagann maoiniú údaráis áitiúil ó go leor foinsí difriúla, lena n-áirítear go leor Ranna an Rialtais, cinntíodh gur chóir do Phríomhfheidhmeannaigh le údaráis áitiúla aonair a bheith freagrach as riachtanais cinntithe cáilíochta a chomhlíonadh, luaite i gCuid A04 an Chóid, agus gur chóir dá dtuarascálacha a bheith seolta chuig NOAC i gcomhair corpraithe i dtuarascáil ilchodach don earnáil rialtais áitiúil.

Comhdhéanann na cúig chéim seo a leanas an riachtanas tuairiscithe Chinntithe Cáilíochta i gCód Caiteachais Poiblí:



1. Ní mór don údarás áitiúil fardal a dhearadh de na tionscnaimh/cláir ag staideanna difriúla Saolré an Tionscnaimh maidir le gach tionscnamh caiteachais caipitil agus reatha ar luach níos airde ná €0.5m. Ordaíonn an Cód Caiteachais Poiblí go mbeidh breacadh síos sa bhfardal ar an gcaiteachas caipitil atá á phlé, gearrtha agus críochnaithe le déanaí idir tionscnaimh caipitil agus scéimeanna maoinithe caipitil.

Chuir an tuarascáil in iúil, as 31 údarás ar iomlán, ní raibh clár caiteachais ag aon cheann dóibh dár gcríoch le déanaí in 2018.

Mhol an tuarascáil nach raibh 12 údarás tionscnamh caiteachais reatha nó clár ina chatagóir 'faoi mhachnamh'. D'ainneoin sin, ó foilsíodh an tuarascáil bhí sé sin laghdaithe go 11 toisc nach raibh caiteachas reatha Chomhairle Contae na Gaillimhe ann sa tuarascáil i ngeall ar earráid riaracháin. Déanfar nóta faoi sin i dtuarascáil 2019.

2. Ní mór don údarás áitiúil deimhniúchán a dhéanamh ar fhoilseachán ina shuíomh gréasáin ar eolas achoimrithe maidir le soláthair a théann thar €10m bainteach le tionscnaimh idir lámhe nó críochnaithe sa bhliain faoi athbhreithniú agus nasc a thabhairt don áit ábhartha sa suíomh.

Dar leis an tuarascáil, as 31 údarás áitiúil ar iomlán, thug 23 dóibh nasc ar féidir conclúid a ghlacadh as nár eascraigh aon soláthair thar €10m in 2018, nó a dúirt go soiléir nár eascraigh soláthair dá leithéid in 2018.

Maidir le go leor den chineál is déanaí, thug an tuarascáil faoi deara gur tugadh nasc d'áit ina mbeadh sonraí faoin soláthair foilsithe más cuí.

3. Ní mór don údarás áitiúil seacht seicliosta sonraithe a chríochnú. Bíonn comhlíonadh na seicliostaí bunaithe ar shampla cuí na dtionscnamh/réimsí caiteachais a bhaineann leis an seicliosta sin.

Chuir an tuarascáil sin in iúil gur chomhlíon gach údarás áitiúil an riachtanas sin.

4. Ní mór don údarás áitiúil athbhreithniú níos doimhne a thabhairt freisin ar na tionscnaimh/cláir roghnaithe amhail, Thar tréimhse trí go cúig bhliana, beidh gach staid de shaolré an tionscnaimh agus gach scála an tionscnaimh faoi réir measúnaithe níos déine.

Ar dtús ba é riachtanas athbhreithnithe ná gur chóir do luach na dtionscnamh roghnaithe don seiceáil domhain gach bliain a bheith ar a laghad 5% de luach iomlán na dtionscnamh go léir sa bhfardal i ndiaidh meán a dhéanamh dóibh thar an tréimhse trí bhliana. Bhí sin leasaithe in 2016 ar riachtanas gur chóir do thionscnaimh ioncaim roghnaithe don athbhreithniú domhain léiriú ar a laghad 1% de luach iomlán gach tionscnaimh ioncaim sa bhfardal, cé go bhfanann an riachtanas maidir le tionscnaimh caipitil 5% de luach iomlán gach tionscnaimh caipitil sa bhfardal. Is féidir leis an dá íosmhéid sin a bheith trí athbhreithnithe domhain déanta sna blianta 2016 go 2018.

Luaigh an tuarascáil go ndearnadh gach údarás áitiúil seiceálacha domhain ar go leor tionscnaimh óna gcuid fardal.

Tuairiscíodh as an 31 údarás áitiúil sin, níor chomhlíon na údaráis a leanas an targaid reatha nó caipitil nó an dá rud:

- ▶ Ní dhearna Comhairle Contae Liatroma aon seiceálacha domhain i gcomhair caiteachais reatha don tréimhse trí bhliana 2016 go 2018; agus

- ▶ Ar iomlán, bhí seiceálacha domhain Chomhairle Contae Muineacháin ar chaiteachas caipitil don tréimhse trí bhliana 2016 go 2018 14.84%, 0.16% gearr ón 15% a theastaíonn.

5. Is gá don údarás áitiúil tuarascáil achoimrithe gearr a chomhlíonadh comhdhéanta le fardal, tagairt ar sholáthair, an seacht seicliosta agus breithiúnas an údaráis áitiúil maidir le oiriúnacht an mhachnaimh/pleanála, cur i bhfeidhm nó obair athbhreithnithe a dtugtar measúnú air mar chuid de sheiceálacha domhain, na cúiseanna leis an mbreithiúnas sin agus a moltaí chun leigheas a thabhairt d'aon mhíoiriúnachtaí le linn an phróisis cinntithe cáilíochta iomlán.

Dar leis an tuarascáil, chomhlíon gach 31 údarás áitiúil Céim 5.

Tá an tuarascáil seo ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie

Comhdháil Dea-chleachta sa Rialtas Áitiúil

Reachtáil NOAC, i gcomhcheangal le Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach (CCMA) agus Gníomhaireacht Bhainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA) a dara comhdháil Dea-chleachtais agus Rialtas Áitiúil ar an 26ú Feabhra 2019 i gCaisleán Chill Chainnigh.

Chuir an cur i láthair tugtha ag an lá sin béim ar go leor tionscnaíochtaí glactha ag údaráis áitiúla a chuireann béim ar chur chuige ábhartha, éagsúla agus go minic nuálaíoch go leor chun dul i ngleic le dúshláin na n-údarás áitiúla agus an phobail. Léirigh sé cumas na n-údarás áitiúla chun torthaí níos fearr a sheachadadh.



Ó chlé go deis: Baill NOAC Barry Quinlan, Sharon O'Connor, Michael McGreal, Constance Hanniffy agus Cathaoirleach NOAC Michael McCarthy ag Comhdháil Dea-chleachta sa Rialtas Áitiúil 2019.

Cainteoirí ó údaráis áitiúla ar fud na hÉireann a chuir i láthair cás-staidéir, lena n-áirítear:

Léirigh **Comhairle Contae Muineacháin** conas, nuair a bhaintear baic agus cuirtear feabhas ar sheachadadh seirbhíse, agus déantar athruithe beaga dea-phleanáilte agus bunaithe ar fhaisnéis, is féidir le údaráis áitiúla feabhas a chur ar an eispéireas do gach custaiméirí, go háirithe iad sin atá ar imeall na sochaí agus dearmadta go minic.

Bhreachnaigh **Comhairle Contae Átha Cliath** ar thionscnamh suimiúil Mydoorstep. Tugann sé seans do dhaoine cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis maidir le ceannachán tithe leis an bhfaisnéis is suas chun dáta agus ábharthaí.

Phléigh **Comhairle Contae an Chláir** Forbairt Tuaithe agus bhreachnaigh **Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge** ar fheabhsúchán próisis ina Chomhairle. I measc na n-ábhar a chuir NOAC Suim iontu go háirithe, bhí siad ag ábhar an tseisiúin san iarnóin le cur i láthair bainteach le Táscaire Feidhmíochta agus tuarascálacha Iníúchta Inmheánaigh chomh maith le tionscnaíochtaí Eacnamaíoch agus Comhshaoil le cainteoirí ó Chomhairle Contae Laoise, Chiarraí, Chorcaigh, Thiobrad Áran agus Cheatharlaigh ar na hábhair sin.

D'aithin an Aire Stáit do Rialtais Áitiúla agus Athchóiriú Toghcháin an réimse leathan seirbhíse curtha ar fáil ag údaráis áitiúla agus dúirt sé "tugann an seiminéar seo deis iontach do rannpháirtithe foghlaim óna chéile agus cur chuige nuálaíochta a fhorbairt chun a spriocanna a bhaint amach". Sa chonclúid, léirigh an tAire buíochas do NOAC, an CCMA agus LGMA as an seiminéar sin a eagrú agus dúirt sé "thaispeáin na cás-staidéir samplaí den dea-chleachta agus ba chóir go dtugann siad spreagadh dóibh sin in údaráis áitiúla chun a ndácheall a dhéanamh go leanúnach chun na caighdeáin is airde a bhaint amach i seachadadh seirbhíse don phobal".

Tá mionsonraí ar an gcomhdháil ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie

Clár Imscrúdaithe ar Údaráis Áitiúla

I mí Feabhra 2017, thug NOAC athbhreithniú ar fheidhmíocht údaráis áitiúla aonair.

Thar am, tháinig dul chun cinn ar an bpróiseas agus dá bhrí sin tháinig struchtúr air, d'éirigh sé foirmiúil is rinneadh taifead air. I ngeall ar thábhacht na hoibre, leanfaidh sé faoi cheannasaíocht Chathaoirligh NOAC (nó ailtéarnach sannta, má theastaíonn) le tacaíocht ó bhaill NOAC agus an Rúnaíocht.

An pointe tosaigh ná léargas ginearálta a fháil ar na sonraí ábhartha atá i dtuarascálacha NOAC foilsithe cheana, lena n-áirítear:

- ▶ Torthaí na dtáscairí feidhmíochta;
- ▶ Tuarascálacha ar iniúchadh LGAS;
- ▶ Staid airgeadais na n-údarás áitiúla agus feidhmíocht bhailiúcháin ioncaim;
- ▶ Iniúchadh ar earnáil cíosa príobháidigh;
- ▶ Bainistíocht ar stoc tithíochta agus sonraí cothabhála;
- ▶ Tuarascáil ar Iniúchadh Inmheánach; agus
- ▶ Suirbhé ar Shástacht Chustaiméirí (nuair is ábhartha).

Rinneadh dréacht ar thuarascálacha próifíle ag NOAC agus seoladh iad sin isteach chuig Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás ábhartha áitiúla.

Ansin, bheadh cruinniu suímh ag NOAC, tríd an gCathaoirleach agus Rúnaíocht, leis an bPríomhfheidhmeannach agus foireann bainistíochta in oifig An Údaráis Áitiúla i gcomhair plé ginearálta ar an bpróifíl agus chun a phlé conas a oibríonn an t-údarás áitiúil, ceisteanna áirithe ar féidir leo éifeacht a imirt ar an údarás áitiúil agus fáilte a chur roimh sheoladh ábhair ábhartha le breac-chuntas ar an gcomhthéacs ar leith ina oibríonn sé.

I ndiaidh an chruinnithe suímh sin, cuirtear fáilte roimh an bPríomhfheidhmeannach agus baill na foirne bainistíochta chun freastal ar sheisiún Bhoird NOAC ina mbeadh na Údarás Áitiúla ag cur i láthair agus ag glacadh le ceisteanna ó bhaill ar go leor earraí clúdaithe ón tuarascáil próifíle.

Freastalaíonn an Rúnaíocht ar an dá chruinniú agus déantar miontuairiscí. Cuirtear fáilte roimh údarás áitiúla freisin chun ábhar a sheoladh is a chur i láthair. Beartaíodh go mbeidh an t-ábhar sin foilsithe in éineacht le tuarascálacha. Is clár leanúnach é sin freisin agus tá sé beartaithe go roghnófar sé údarás áitiúil i gcomhair an phróisis sin in 2020.

Gníomhaíocht an Chláir Imscrúdaithe ar Údarás Áitiúla 2019

Údarás Áitiúil (LA)	Cruinniú suímh san Údarás Áitiúil	Údarás Áitiúil ag freastal ar NOAC
Comhairle Contae Ros Comáin	01/11/2018	15/01/2019
Comhairle Contae Thiobrad Árann	03/12/2018	05/03/2019
Comhairle Contae Dhún na nGall	10/01/2019	16/04/2019
Comhairle Contae Laoise	11/03/2019*	21/01/2020
Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge	11/10/2019*	03/03/2020
Comhairle Contae an Chláir	30/10/2019**	TBA***
Comhairle Contae Ceatharlaigh	12/12/2019	TBA***

***Bhí cruinnithe eagraithe go luath in 2020 le Laois agus Cathair Phort Láirge agus Comhairlí Contae*

***Bhí cruinniú le Comhairle Contae an Chláir curtha ar ceal i ngeall ar Covid 19.*


****Le bheith fógraithe.*

Gníomhaíochtaí eile NOAC

Branda agus Suíomh Gréasáin NOAC

Thosaigh obair i 2019 chun lógó agus dearadh físiúil a dhéanamh, a aithneoidh NOAC mar chomhlacht neamhspleách údarásach in earnáil an rialtais áitiúil. Is é seo an chéad tuarascáil foilsithe leis an mbranda nua.

Chuir sé tús freisin le forbairt suímh gréasáin nua. Bhí an suíomh gréasáin reatha mar phríomh-bhealach cumarsáide le blianta beaga, le tuarascálacha NOAC foilsithe ansin óna bhunaíocht in 2014. Ós mian linn idirghníomhaíocht an úsáideora a mhéadú, freastal ar spriocphobail nua, faisnéis ábhartha a thabhairt do gheallshealbhóirí ar mian leo é agus dea-chleachta a thiomáint i bhfollasacht, seolfar an suíomh gréasáin nua in 2020.



Clár Straitéise agus Creatlaigh Oibre 2020 - 2022

Ag tosú i Meitheamh 2019, d'fhorbair NOAC Straitéis don tréimhse 2020 go 2022 bunaithe ar a fhís, misean agus príomhluachanna.

Socraíonn sé na príomhfheidhmeanna reachtúla NOAC a oibríonn mar bhéim Agus riachtanas chun seachadta a chuid clár oibre thar saolré an phlean corparáidigh ó 2020 go 2022.

Ullmhaíodh an cháipéis ag baill NOAC, i ndiaidh comhairliúcháin le geallshealbhóirí lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) agus Gníomhaireacht Bhainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA).

Bhí sé forbartha le tacaíocht ón Dr Seán Ó Riordáin agus Comhpháirtithe, saineolaithe iad ar pholasaí poiblí agus bainistíocht, agus an tUasal Paul Reilly le Audit Scotland (Coimisiún Cuntasaíochta) chomh maith le Rúnaíocht NOAC.

Bhí an straitéis seo faofa i Nollaig 2019, agus comhdhéanann sé bunús aithmeanna leanúnacha, fadtréimhseacha straitéiseacha an Choimisiúin chun maoirseacht a thabhairt ar sheachadadh leanúnach ardchaighdeán seirbhísí an rialtais áitiúil agus measúnú ar chur i bhfeidhm athchóirithe seirbhíse poiblí, agus tacaíonn sé le príomh-phróisis gnó an Choimisiúin.

Sa chomhthéacs seo, beartaíodh go mbeidh aidhmeanna agus straitéisí a dtugtar breac-chuntas orthu aistrithe i gclár oibre mionsonraithe an Choimisiúin.

Téamaí prionsabail agus clár oibre

Dá bhrí sin tá cúig théama ginearálta ag an Straitéis agus plean oibre a thacaíonn leis, agus beidh tascanna agus gníomhartha seachadta leis sin. Tá na téamaí sin leagtha amach thíos:

1. Imscrúdú a chinntiú trí tháscairí feidhmíochta;
2. Imscrúdú ar fheidhmíocht airgeadais agus iniúchadh;
3. Seirbhís do chustaiméirí a athbhreithniú;
4. Monatóireacht ar sheachadadh pleananna corparáideacha;
5. Nuálaíocht a thacú agus a chur chun cinn, mar aon le dea-chleachtas agus feabhas leanúnach.

Laistigh na dtéamaí sin, dhírigh an Bord ar phríomh-bhearta don tréimhse 2020 go 2022. Leis sin, déanfar athbhreithniú ar na gníomhartha sin go bliantúil agus beidh an clár oibre leasaithe más gá.

Gníomhartha agus tascanna bunaithe ar théama 2020-2022

Laistigh an chreatlaigh thuas, d'aithin NOAC 24 gníomhartha riachtanacha chun a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse na straitéise. Beidh amchlár agus tacar feidhmíochta ag gach ceann acu chun tacú le monatóireacht leanúnach agus measúnú ar chur i bhfeidhm.

Rúnaíocht

Tabharfaidh Baill an Bhoird NOAC treoir ghinearálta do NOAC i gcomhréir leis an straitéis agus clár oibre a thacaíonn leis. Is gá do bhaill an Bhoird tacaíocht chuí a fháil ó rúnaíocht faoi réir ceannasaíochta Phríomhoifigigh.

Chomh maith leis na tascanna leagtha amach iarrfar ar an Rúnaíocht tacaíocht riaracháin ginearálta a thabhairt do NOAC lena n-áirítear giniúint thuarascálacha, bainistíocht ar shuímh gréasáin agus cumarsáidí, ceapachán Bhaill an Bhoird, eagraíocht chruinnithe NOAC (ar a laghad 8 sa bhliain) agus grúpaí oibre (mar is gá).

Monatóireacht agus measúnú

Comhaontaíonn NOAC go dteastaíonn monatóireacht ar a gníomhartha féin ón obair monatóireachta ar rialtas áitiúil, agus dá bharr, cuirfidh sé gníomhartha tábhachtacha i bhfeidhm chun na cláir sin agus athbhreithniú / measúnú ar thuarascálacha NOAC foilsithe a chinntiú.

Tá an straitéis agus creatlach, lena n-áirítear mionsonraí ar an 24 gníomhartha is tábhachtaí, ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie

Clár Oibre Ilbhliantúil 2020 - 2022

I ndiaidh a Straitéise do na blianta 2020 - 2022, rinne NOAC Clár Oibre Ilbhliantúil i Nollaig 2019. Thóg sé sin air, d'athordaigh sé agus ghrúpaigh sé le hamlínte na gníomhartha sa Straitéis agus mhol sé grúpaí Oibre chun na gníomhartha sin a thabhairt chun saoil.

Phléigh an clár oibre leis na réimsí tábhachtacha a leanas: -

Grúpaí Oibre

Roimhe sin, bhí suas go seacht ngrúpa nó grúpaí oibre ag NOAC (WG).

Mar thoradh ar mheasúnú ar an gclár oibre sa straitéis, cruthaíodh na grúpaí oibre a leanas de réir leagtha amach thíos:

- ▶ **WG1:** Rialachas LG, Éifeachtacht agus Athchóiriú;
- ▶ **WG2:** Táscairí Feidhmíochta;
- ▶ **WG3:** Cumarsáidí agus Suirbhé an Chustaiméara; agus
- ▶ **WG4:** Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíocht;

Tagann gníomhaíochtaí áirithe go díreach faoi réir Cathaoirligh NOAC.

Cruinnithe / Baili NOAC

Ba mhaith le NOAC casadh le chéile ar a laghad ocht n-uair sa bhliain, agus déanfar iarracht údaráis áitiúla a thabhairt chuig trí chruinniu dóibh sin mar chuid den Chlár Imscrúdaithe. Is aidhm le NOAC freisin sé chuairt imscrúdaithe a dhéanamh ar údaráis áitiúla sa bhliain.

Caidrimh

Chun éifeachtacht NOAC a chur i méid, breathnóidh an Rúnaíocht ar fhéidearthacht acmhainní taighde a úsáid lena n-áirítear roghanna seachtracha agus saineolaithe seachtracha.

Cumarsáidí

Chun feabhas a chur ar fheasacht NOAC, déanfaidh an Rúnaíocht iarracht a chinntiú go bhfoilseofar an t-ábhar bainteach leis an obair ar líne ar bhealach tráthúil agus go ndéantar dul chun cinn ar an suíomh gréasáin nua chun cuidiú feasacht a ardú ar ról agus obair NOAC.

Rúnaíocht

Chun seachadadh éifeachtach a chinntiú don chlár oibre, beidh scileanna áirithe tábhachtach don Rúnaíocht. Is tábhachtach laistigh sin scileanna a bhaineann le rialachas, anailís ar pholasaí, measúnú eacnamaíoch, staidrimh agus airgeadais agus go mbeidh iad sin san áireamh le poist laistigh an aonaid. Tugtar faoi deara freisin go ndeir an Straitéis gur chóir cás gnó a ullmhú in 2020 chun breathnú ar earcaíocht, ach teastaíonn cur chuige cothromaithe ina bhfuil seachfhoinsiú tascanna, lena n-áirítear scríbhneoireacht thuarascáil.

Tá an tuarascáil seo agus Gníomhartha an Chláir Oibre Ilbhliantúil 2020-2022 ar fáil go hiomlán ag www.noac.ie

Idirbheartaíocht NOAC

Comh-choiste Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Thug Comh-choiste ar Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil cuireadh do Chathaoirleach NOAC Michael McCarthy freastal ar chruinniú an Choiste ar 9 Bealtaine 2019 chun ábhair a phlé a bhaineann le Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta 2017.

D'fhreastail Cathaoirleach NOAC Michael McCarthy agus Martina Moloney, Cathaoirleach le fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta ar an gcuinniú.

Thug Cathaoirleach NOAC réamhrá agus forléargas ar Thuarascáil Táscairí Feidhmíochta 2017 agus le cúnaimh Martina Moloney, Cathaoirleach fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta, d'fhreagair sé ceisteanna ó bhaill an Choiste.

Léirigh Cathaoirleach Comh-choiste an Oireachtais ar Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil buíochas do Michael McCarthy agus Martina Moloney as freastal ann agus idirghníomhú leis an gcoiste.

Tá tras-scríbhinn iomlán ar fáil ag https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/joint_committee_on_housing_planning_and_local_government/2019-05-09/

Cathaoirleach NOAC ag Comhdháil Seirbhíse Iniúchta ar Rialtas Áitiúil (LGAS)

Reachtaigh LGAS a Chomhdháil Bliantúil thar dhá lá ag tosú 7 Feabhra 2019. D'fhreastail Cathaoirleach NOAC ann agus chuir sé i láthair ar an iarnóin sa dara lá. Bhí forléargas sa chur i láthair ar NOAC agus nuashonrú ar ghníomhaíochtaí an bhoird.

Idirghníomhaíocht le Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR)

Cruthaíodh an OPR chun athbhreithniú a thabhairt ar an eagraíocht, córais agus nósanna imeachta ag údaráis pleanála i bhfeidhmíocht a bhfeidhmeanna pleanála. Cruthaíodh painéal comhairleach chun a mhodheolaíocht a fhorbairt chun athbhreithnithe a chur ar fheidhmíocht na n-údarás pleanála in 2019. D'fhreastail Cathaoirleach NOAC ar chruinnithe an phainéil agus d'ainmnigh sé Rúnaíocht NOAC chun freastal ar chruinnithe sa toadhchái mar ionadaí NOAC. Chas fo-ghrúpa Táscairí Feidhmíochta freisin leis an OPR maidir le cur chuige chun athbhreithniú a thabhairt ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúla i bpleanáil chun dúbailt an iarrachta a chosc.

Cruinniu le Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG)

Ag 17 Nollaig 2019, chas Cathaoirleach NOAC, in éineacht le baill rúnaíochta NOAC, le Uachtarán, Leas-uachtarán agus Stiúrthóirí AILG. Is é an AILG Príomh-chomhlacht a dhéanann ionadaíocht ar bhaill tofa go daonlachtúil agus a n-údarás áitiúil ballraíochta.

Mar dhá gheallshealbhóir tábhachtach i rialtas áitiúil, dúirt NOAC go mbeadh sé ciallmhar go mbuailfeadh an dá chomhlacht. Bhí go leor tuairimí úsáideacha malartaithe le linn an chruinnithe.

Thug Cathaoirleach NOAC breacchuntas ar an Clár Straitéise agus Creatlaigh Oibre nua (2020 - 2022) agus thug sé cúlra ar fhorbairt tuarascálacha eile NOAC.

Mar chuid de Straitéis NOAC agus clár oibre creatlaigh, bhí moladh ann gur féidir le hidirghníomhú sa toadh leis an AILG teacht i gcruth ceardlanna, cruinnithe agus cuirí chun ócáidí ábhartha in 2020 agus tar éis.

Cruinniú le Rialtas Áitiúil Gníomhaireacht Bhainistíochta (LGMA)

I ndiaidh forbartha Straitéis NOAC don Tréimhse 2020 - 2021, fuair Cathaoirleach LGMA, Owen Keegan, cuireadh do chruinniu le Cathaoirleach NOAC chun an Straitéis agus a cur i bhfeidhm a phlé.

Bhí fáilte mór ag LGMA don Straitéis, chuir siad in iúil a uaillmhian agus an tábhacht atá ag tacaíocht ón LGMA ina chur i bhfeidhm.

Chuir siad béim ar dhúshláin maidir le tuairimí an phobail a bhíonn ag Údaráis Áitiúla agus suim ag na meáin ar an ábhar.

Déanfaidh LGMA cur i láthair do Bhord NOAC iomlán ar a chuid oibre, pleananna agus acmhainneacht comhoibríochta agus tacaíochta idir an dá chomhlacht in 2020.

Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach (CCMA) / Straitéis Aeráide LGMA

D'fhreastail baill NOAC ar sheoladh tuarascála taighde seachadta ag Aonad Taighde LGMA do Choiste Pleanála Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Éigeandála ar na gníomhartha aeráide déanta idir 2011 - 2018.

Thug an tuarascáil breac-chuntas ar ghaiscí na n-údarás áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus go raibh earnáil an rialtais áitiúil onnghníomhach i go leor réimsí, ag tabhairt réimse seirbhísí don phobal, lena n-áirítear infreastruchtúr chriticiúil, bainistíocht ar riosca tuile agus acmhainní uisce, chomh maith le áiseanna an nádúir agus rannpháirtíocht an phobail, le gníomhartha aeráide dearfacha seachadta ag gach ceann acu.

Idirghníomhaíocht le Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil (LGAS) - An tAonad Luach ar Airgid (VFM)

Déanann Aonad Luach ar Airgead (VFM) le Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil staidéir agus seolann sé tuarascálacha maidir le luach ar airgead in oibriúcháin údaráis áitiúil.

I ngeall ar réimse gníomhaíochtaí a éiríonn níos leithne idir láimhe ag na údaráis áitiúla agus éilimh curtha orthu, rinne LGAS athbhreithniú ar aschur an Aonaid VFM in 2019, chun a chinntiú go bhfuil sé i ndea-bhail chun seachadadh ar ghealltanais rialacháin.

Bhunaigh LGAS grúpa oibre comhdhéanta le ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus an Rialtais Áitiúil, LGAS, údaráis áitiúla, LGMA agus ball Le Rúnaíocht NOAC. I ndiaidh go leor cruinnithe agus suirbhé ar gach údarás áitiúil, rinne siad athbhreithniú ar an aonad VFM do bhainistíocht LGAS. Bhí molta gur chóir don Aonad VFM, nuair is féidir, ábhair roghnaithe a ailíniú le réimsí roghnaithe ag NOAC don athbhreithniú agus a thuarascálacha a thabhairt do NOAC i ndiaidh foilseacháin.

Acmhainní agus Caiteachas

Faigheann NOAC tacaíocht ó Rúnaíocht, le foireann lán aimsire coibhéiseach le 5.4. Tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil don fhoireann.

Tacaíonn an fhoireann sin le NOAC agus bainistíonn sí a clár oibre, in éineacht le dualgais eile. Faigheann NOAC maoiniú ó Chiste an Rialtais Áitiúil agus bhí a leithdháileadh ón gCiste sin in 2019 €200,000.

Caiteachas

Bhí caiteachas NOAC do 2019 €175,633.54, gearrtha mar a leanas;

Buiséad 2019 - €200,000.00

Caiteachas	Méid
Táillí na mBall (PRSI san áireamh)	€70,448.58
Taisteal agus Maireachtáil	€36,181.21
Suirbhé IPSOS MRBI ar Shástacht an Údaráis Áitiúil	€46,740.00
Ceardlanna	€3,695.91
Táillí Comhdhála	€595.00
Foilseachán Deisce / Preas Ráiteas	€16,014.60
Eile (Caiteachais Difriúla)	€1,958.24
	Caiteachas
IOMLÁN	€ 175,633.54

Dar leis na baill go bhfuil an ráiteas caiteachais seo ina dhearcadh fíor agus cóir ar chaiteachas NOAC le linn 2019.

Aguisín

Aguisín 1:

Freastan ag Cruinnithe Bhoird NOAC

Ball	15/01/ 2019	05/03/ 2019	16/04/ 2019	28/05/ 2019	25/06/ 2019	17/09/ 2019	05/11/ 2019	10/12/ 2019	Iomlán
Michael McCarthy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
John Buckley	✓	×	×	✓	✓	N/A	N/A	N/A	3
Tara Buckley	✓	×	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7
Constance Hanniffy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
David Holohan	✓	✓	×	✓	×	✓	×	×	4
Paul Lemass	×	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	0
Michael McGreal	✓	✓	✓	×	✓	✓	✓	✓	7
Martina Moloney	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
Sharon O'Connor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
Colleen Savage	×	✓	×	✓	✓	N/A	N/A	N/A	3
Barry Quinlan	N/A	N/A	N/A	×	✓	✓	✓	✓	4

Aguisín 2:

Téarmaí Tagartha NOAC

Bunaíodh NOAC faoi reir Achta an Rialtais Áitiúil 2001 (an tAcht) (de réir leasaithe ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014) le héifeacht ó 1 Iúil, 2014. Ghlac NOAC an réim rialachais corparáideach i gcomhréir leis an ndea-chleachta.

Is cuspóir leis an gcáipéis seo téarmaí tagartha a leagadh amach do NOAC. Tá na téarmaí tagartha sin, faofa ag NOAC ar 4 Iúil 2017, in éifeacht ó 1 Iúil 2017.

1. Ballraíocht

Ceapfar baill NOAC ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcomhréir le cuid 126H an Achta. Déanfar suas an Coimisiúin le ar a laghad 6 bhall.

Níl an ceart ach ag baill NOAC freastal ar chruinnithe an Bhoird. D'ainneoin sin, is féidir le foireann na rúnaíochta nó daoine aonair eile cuireadh a fháil chun freastal ar gach nó cuid d'aon chruinniu, de réir agus nuair is cuí nó riachtanach.

Beidh ceapacháin NOAC i gcomhair tréimhse suas go dtí 5 bhliana, ar féidir leis a bheith sínte do thréimhse 5 bhliana eile.

Mura bhfuil an Cathaoirleach i láthair, is féidir leis na baill eile i láthair comhaontú ar cheann dóibh chun cathaoirleacht a thabhairt ar an gcuinniu.

2. Rúnaíocht NOAC

Cinnteadh rúnaíocht NOAC go bhfaighfí na baill faisnéis agus páipéir ar bhealach tráthúil chun gur féidir machnamh iomlán agus cuí a thabhairt ar na ceisteanna.

Tá an rúnaíocht freagrach freisin as iondúchtú foirmiúil baill NOAC nua agus meantóireacht a eagrú do bhaill nuair is gá.

3. Quorum

Beidh an quorum a theastaíonn i gcomhair an idirbhirt gnó 4 bhall. Beidh cruinniu NOAC tionólta mar is cuí ina bhfuil quorum i láthair inniúil chun gach nó aon cheann dá údaráis, cumhachtaí agus lánroghanna a fheidhmiú, a fheidhmíonn NOAC de ghnáth.

4. Minicíocht na gCruinnithe

Casfar NOAC le chéile ar a laghad 8 uair sa bhliain, agus más gá i ndiaidh sin.

5. Fógra ar Chruinnithe

Beidh cruinnithe NOAC tionólta ag an rúnaíocht faoi réir iarratais an Chathaoirligh.

Nuair is féidir in aon chor, seolfar ar aghaidh fógra ar gach cruinniu a dheimhníonn an t-ionad, am agus dáta, in éineacht le agenda earraí le plé, a chur ar aghaidh do bhaill suas go dtí dhá lá oibre roimh dháta an chruinnithe. Seolfar páipéir tacaíochta chuig na baill ag an am céanna.

6. Miontuairiscí ar Chruinnithe

Tabharfaidh an rúnaíocht miontuairiscí ar chruinnithe, plé agus cinntí ó gach cruinniú NOAC, lena n-áirítear taifead ar ainmneacha na ndaoine i láthair agus ag freastal.

Rachaidh miontuairiscí ar chruinnithe NOAC go dtí gach ball chun Faofa ag an gcéad chruinniú NOAC eile.

7. Dualgais

Déanfaidh rúnaíocht NOAC a rith go laethúil, agus tabharfaidh siad tuairisc ar an obair mar is cuí trí r-phost agus ag cruinnithe NOAC.

Tabharfaidh na baill comhairle agus tacaíocht don rúnaíocht.

Is gá go mbeidh NOAC sásta go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bainistíochta ar rioscaí stuama agus inchosanta.

Coimeádfaidh NOAC é féin suas chun dáta agus ar an eolas go hiomlán maidir le ceisteanna straitéiseacha a imríonn tionchar air agus an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

Cinntoidh NOAC, i ndiaidh ceapacháin, go bhfaighfidh baill litir fhoirmiúil ceapacháin ag leagadh amach go soiléir cad atáthar ag súil leis uathu i dtéarmaí tiomantais ama, seirbhís fo-ghrúpa agus idirghníomhú lasmuigh cruinnithe NOAC.

Is féidir le NOAC, ó am go ham, fo-ghrúpaí NOAC a bhunú mar is gá chun cuidiú i bhfeidhmíocht a dhualgais. Is féidir go mbeidh san áireamh air sin baill nach bhfuil ina mbaill NOAC má theastaíonn saineolas ar leith. Nuair a chuirtear fo-ghrúpa i bhfeidhm:

- ▶ Déanfar téarmaí tagartha a shonrú i scríbhinn agus a fhaomhadh ag NOAC agus a athbhreithniú go bliantúil;
- ▶ Ceapfaidh NOAC, i ndiaidh ainmniúcháin Cathaoirligh, a bhaill;
- ▶ Gheobhaidh NOAC tuarascálacha ón fo-ghrúpa a léiríonn gníomhaíocht déanta ag an ngrúpa;
- ▶ Cuirfear gach prótacal oibriúcháin NOAC i bhfeidhm le fo-ghrúpa;
- ▶ Rachaidh nótaí fo-ghrúpaí go dtí gach ball NOAC.

Tabharfaidh NOAC athbhreithniú ar thorthaí a fheidhmíochta agus próiseas measúnaithe a bhaineann le comhdhéanamh NOAC agus rialachas corparáideach ginearálta.

Coinneoidh NOAC faoi réir athbhreithnithe forbairtí rialachais corparáideach (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le eitic) ar féidir leo tionchar a imirt ar an gcomhlacht Stáit, chun a chinntiú go leanann a pholasaithe rialachais corparáideach agus cleachta i gcomhréir le dea-chleachta.

Cinntoidh NOAC go bhfuiltear ag comhlíonadh prionsabail agus forálacha leagtha amach i gCód Cleachta chun Rialachais Comhlachtaí an Stáit (agus aon chóid rialachais eile a bhaineann).

8. Freagrachtaí Tuairiscithe

Coinneoidh NOAC an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an eolas, lasmuigh cleachta an Tuarascála Bhliantúla, ar ábhair suntasacha a eascraíonn laistigh den chomhlacht Stáit.

9. Eile

Déanfaidh NOAC, ar a laghad uair sa bhliain, athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin, comhdhéanamh agus téarmaí tagartha chun a chinntiú go bhfuil sé ag oibriú ag uasmhéid éifeachtachta agus ag cur i bhfeidhm aon athruithe a theastaíonn dar leis.

10. Údarás

Tá údarás ag NOAC comhairle seachtrach dlíthiúil a fháil, ar a chaiteachas féin, nuair is gá dar leis na baill chun a bhfreagrachtaí a dhíbhirt mar bhaill NOAC.



NOAC

National Oversight
and Audit Commission
An Coimisiún Náisiúnta
Maoirseachta & Iniúchóireachta